# FLEADH FEIRSTE



CULTÚRLANN
McADAM Ó FIAICH

zoom

# Teachtaireacht ón choiste eagrúcháin

## *Message from organising committee*

Agus deireadh 2020 ag druidim linn, tá muid ag tarraingt ar dheireadh bliain chorraitheach éagsúil agus is cinnte go bhfuil siamsaíocht agus cúis cheiliúrtha de dhíth orainn anois níos mó ná a bhí roimhe! Tháinig eagraíochtaí laistigh den Cheathrú Ghaeltachta le chéile le clár imeachtaí draíochta a chur ar fáil don phobal ó chian agus ó chóngar. Tá éagsúlacht imeachtaí curtha le chéile againn lena n-áirítear lasadh shoilse na Nollag, mar a bhíonn ann gach bliain; amharclannaíocht na Nollag do na páistí (agus gach seans go mbeidh an fear mór sa chulaith dhearg ann fosta!), a bhuí le Brassneck Theatre agus plúr an cheoil sa Chultúrlann agus in Áras Uí Chonghaile.

Is fleadh faoi leith í Fleadh Feirste a léiríonn bunluachanna phobal na Gaeilge in iarthar na cathrach lena n-áirítear an chomhpháirtíocht, an chomhbhá agus an chomhghuaillíocht. Tá lúcháir orainn gur tháinig grúpaí éagsúla le chéile leis an chlár ildánach, ilchineálach a chur faoi bhur mbráid. Is de thoradh an chomhoibrithe sin a d'éirigh linn clár imeachtaí fíorúil a chur le chéile a thugann léargas ar phobal fuinniúil, flúirseach, Gaelach na Ceathrún Gaeltachta agus na gceantar máguaird.

Beidh rogha na litríochta againn a bhuí leis An tSnáthaid Mhór agus Máire Zepf agus beidh agallamh á chur ag Eoghan Ó Néill ar Phádraig Ó Mianáin, príomheagarthóir an Concise English-Irish Dictionary. Cuirfear na healaíona chun tosaigh agus léiriú úr ag Aisling Ghéar agus taispeántas ealaíne leis an Drawing Journal. Is léiriú í Fleadh Feirste ar dhíograis an phobail ildánaigh chruthaithigh atá thart orainn agus tá an pobal sin faoi anáil agus faoi chomaoin mhór i gcónaí ag na ceannródaithe a tháinig romhainn, a bhunaigh Gaeltacht Bhóthar Seoighe, Meánscoil Feirste, Cultúrlann McAdam Ó Fiaich agus níos mó; na daoine a spreag agus a spreagann go fóill sinn agus beidh sé seo le sonrú sna himeachtaí caomhnaithe oidhreachta atá sa chlár ar nós sheoladh 'Claochlú Cultúir agus an Conradh' de chuid Chonradh na

Gaeilge agus 'An Scéal  go dtí Seo' le hÁras Uí Chonghaile a insíonn scéal Uí Chonghaile agus an lorg buan a d'fhág sé. Tá an Chultúrlann féin ag tarraingt ar bhliain mhór cheiliúrtha agus is cuí go mbeidh imeacht againn a cheiliúrann oidhreacht na Cultúrlainne, 'Dá mBeadh Caint ag na Ballaí', agus muid 30 bliain ar an fhód.
Cé nach mbeidh muid ábalta bheith in éineacht a chéile mar a bheadh muid de ghnáth, bígí cinnte go mbeidh muid le chéile i spiorad agus an Cheathrú Ghaeltachta faoi sholas is faoi spiorad na Nollag le linn na Fleidhe le scoth na hamharclannaíochta, ceoil, plé, scéalaíochta agus ceardaíochta do pháistí agus aosaigh araon.
Nollaig faoi shonas agus faoi shéan oraibh, a chairde!

As 2020 draws to a close, it has been a very different and at times challenging year creating a need for entertainment and celebration now more than ever! Groups within the Gaeltacht Quarter came together to respond to that need and provide a magical programme of events for the community at home and abroad. We have created a range of activities including the annual switching on of our Christmas lights, family theatre (where the big man in red may even make an appearance) with Brassneck and the best of traditional music in Cultúrlann and Áras Uí Chonghaile, Fleadh Feirste demonstrates the core values of the Irish language community in the west of the city: working together and common mission. We're delighted that various groups have come together to produce this versatile and varied programme, albeit on a virtual basis for the time in which we're living.
It's because of this partnership that we were able to put together a programme of events that represents the creative, energetic, generous Irish language community in the Gaeltacht Quarter.
There will be a choice of beautiful literature events with An tSnáthaid Mhór and Máire Zepf. An Ceathrú Póilí will host a truly insightful conversation as journalist Eoghan Ó Néill sits down with Pádraig Ó Mianáin to talk all things pertaining to the feat that is Foclóir Uí Mhianáin. As always, the arts are at the heart of what we do and Aisling Ghéar will stage a new production looking at community response to Covid-19.



Cultúrlann will host a group exhibition with the Drawing Journal.

All of the events in this programme are a testament to the hard work of our multi-talented and creative community and that community is forever beholden to the pioneers who came before us, establishing Shaw's Road Gaeltacht, Meánscoil Feirste, Cultúrlann McAdam Ó Fiaich and so much more. They showed us the way and continue to do so – as reflected in festival heritage events including the launch of Conradh na Gaeilge's heritage project, 'Claochlú Cultúir agus an Conradh', Áras Uí Chonghaile's story so far - taking in the story of The Connolly Centre and James Connolly's lasting impact. It is quite fitting as we approach a year of celebration here in Cultúrlann, celebrating 30 years, that we will have our own heritage event, If the Walls Could Talk, taking in community memories of Cultúrlann.

We can't celebrate together as we usually do, but we will be together in spirit as An Cheathrú Ghaeltachta is lit up  with the bright lights and spirit of Christmas showcasing the best of theatre, discussion, music, storytelling, family crafts and more.

Have a happy and peaceful Christmas, a chairde!




# An Ceathrú Póilí

Is siopa neamhspleách leabhair Ghaeilge An Ceathrú Póilí agus muid ar an fhód le breis agus 30 bliain anois. Tá éagsúlacht mhór leabhar do gach aoisghrúpa ann mar aon le cártaí ócáide, CDanna agus féiríní. Suite i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich, is mol litríochta fáilteach é an siopa do leabharbháigh, do cheardaithe agus d'éisteoirí ceoil.

**Tá an siopa ar líne oscailte 24/7**

An Ceathrú Póilí is Belfast's Irish language and Irish interest bookshop with a diverse catalogue which ranges from history and biography to children's tales and learning resources. Based in Cultúrlann McAdam Ó Fiaich, we are a welcoming hub for readers, craftspeople and music lovers.

**Our online shop is open 24/7**

**www.anceathrupoili.com**




## BIA

Suite i gcroílár na Ceathrún Gaeltachta, i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich, tá Bia ina chaifé agus ina bhialann do Ghaeil agus do chairde na Gaeilge agus na n-ealaíon. Tá rogha gach bí agus togha gach dí ar fáil sa bhialann, agus cócaireacht den chaighdeán is airde! Bígí linn! Le hord a dheánamh, cuir glaoch orainn ar **02890 964184.**

Situated in the heart of the Gaeltacht Quarter, in Cultúrlann McAdam Ó Fiach, Bia is a café restaurant where you are guaranteed a warm Irish welcome and a 'cúpla focal' or more. Bia offers the best of Belfast food and drink, made to the highest standards! Come and join us! To place an order, call us on **02890 964184.**




| Imeacht | Ardáin | Téama Imeachta | Eagraíocht |
|---|---|---|---|
| **Seoladh na Fleidhe & Lasadh na Soilse**<br>*Launch & Christmas Tree Switch On*<br>*02/12/20 \| 7:00pm* | *Facebook \| YouTube* | *Pobal \| Community* | *An Chultúrlann* |
| **Agallamh Raidió**<br>*Radio Interview*<br>*02/12/20 \| 8:00pm* | *Ráidió Fáilte 107.1fm* | *Pobal \| Community* | *Ráidió Fáilte* |
| **Ceardaíocht na Nollag le Drithle**<br>*Xmas Crafts with Drithle*<br>*03/12/20 \| 11:00am* | *Facebook \| Instagram* | *Ceardaíocht & ealaín do theaghlaigh \| Family art & crafts* | *An Chultúrlann* |
| **Áras Uí Chonghaile: An Scéal Go Dtí** *Seo \| The Story So Far*<br>*03/12/20 \| 1:00pm* | *Facebook \| YouTube* | *Oideachas & Pobal \| Education & Community* | *Áras Uí Chonghaile* |
| **Rosie, Rudolf & Ruaille Buaille**<br>*Cuid 1 \| Part 1*<br>*03/12/20 \| 6:00pm* | *Facebook \| YouTube* | *Amharclannaíocht do theaghlaigh \| Family theatre* | *Brassneck & An Chultúrlann* |
| **Taispeántas Ealaíne \| Art Exhibition:**<br>*Drawing Journal*<br>*03/12/20 \| 7:00pm* | *Facebook \| YouTube* | *Amharc-ealaíona \| Visual arts* | *An Chultúrlann* |




| Imeacht | Ardáin | Téama Imeachta | Eagraíocht |
|---|---|---|---|
| **Ceardaíocht na Nollag le Drithle**<br>*Xmas Crafts with Drithle*<br>*04/12/20 \| 11:00am* | *Facebook \| Instagram* | *Ceardaíocht & ealaín do theaghlaigh*<br>*Family art & crafts* | CULTÚRLANN MCADAM Ó FIAICH<br>*An Chultúrlann* |
| **Claochlú Cultúir & an Conradh**<br>*04/12/20 \| 1:00pm* | *Facebook* | *Oideachas & Pobal*<br>*Education & Community* | Conradh na Gaeilge<br>*Conradh na Gaeilge* |
| **Muireann & an Teach Solais**<br>*Molly & the Lighthouse*<br>*04/12/20 \| 4:00pm* | *Facebook \| YouTube* | *Litríocht & Teaghlaigh*<br>*Literature & Families* | An tSnáthaid Mhór<br>*An tSnáthaid Mhór* |
| **Rosie, Rudolf & Ruaille Buaille**<br>*Cuid 2 \| Part 2*<br>*04/12/20 \| 6:00pm* | *Facebook \| YouTube* | *Amharclannaíocht do theaghlaigh*<br>*Family theatre* | BRASSNECK THEATRE COMPANY<br>*Brassneck & An Chultúrlann* |
| **A Chara**<br>*04/12/20 \| 7:00pm* | *Facebook \| YouTube* | *Amharclannaíocht \| Theatre* | Aisling Ghéar<br>*Aisling Ghéar* |
| **Ceolchoirm \| Concert:**<br>*Barry Kerr & Gráinne Holland*<br>*04/12/20 \| 8:00pm* | *Facebook \| YouTube* | *Ceol \| Music* | JAMES CONNOLLY VISITOR CENTRE<br>*Áras Uí Chonghaile* |




| Imeacht | Ardáin | Téama Imeachta | Eagraíocht |
|---|---|---|---|
| **Scéalaíocht \| Story Time:** *Máire Zepf* *05/12/20 \| 11:00am* | Facebook \| YouTube | Litríocht & Teaghlaigh \| Literature & Families | An Chultúrlann |
| **Fathach d'Fhoclóir** *05/12/20 \| 1:00pm* | Facebook | Litríocht \| Literature | An Ceathrú Póílí |
| **Dá mBeadh Caint ag na Ballaí** *If the Walls Could Talk* *05/12/20 \| 4:00pm* | Facebook | Pobal & Oideachas \| Community & Education | An Chultúrlann |
| **Rosie, Rudolf & Ruaille Buaille** *Cuid 3 \| Part 3* *05/12/20 \| 6:00pm* | Facebook \| YouTube | Amharclannaíocht do theaghlaigh \| Family theatre | Brassneck & An Chultúrlann |
| **Ceolchoirm \| Concert:** *Fleadh Feirste* *05/12/20 \| 8:30pm* | Facebook \| YouTube | Ceol \| Music | An Chultúrlann |

# Crann na Carthanachta

## *Giving Tree*

Cúis áthais a bhíonn ann do phobal na Cultúrlainne bliain i ndiaidh bliana nuair a chuireann muid suas crann na carthanachta i gcomhar le Cumann Naomh Uinseann de Pól. Bíonn daoine i gcónaí iontach flaithiúil ach ós rud é nach bhfuil muid in ann crann a bheith againn i mbliana de thairbhe na srianta reatha, is féidir tacú go fóill leis na teaghlaigh agus leis na páistí atá i gcruatan ach síntiúis a thabhairt ar an nasc thíos a cheannóidh dearbháin dóibh siúd a bhfuil cuidiú de dhíth orthu.

It brings the Cultúrlann community joy year on year as the giving tree goes up in partnership with St Vincent de Paul. People are always very kind and it's a pity we cannot have a tree this year due to ongoing restrictions. People can however still support the families and children with whom the charity works by donating on the link below which buys vouchers for those in need.

**uk.virginmoneygiving.com/ChristmasFamilyAppeal**

**BRÚIGH ANSEO**
**CLICK HERE**

**Eolas | Info: 028 -90351561 | info@svpni.co.uk | www.svp-ni.co.uk**

Society of St Vincent de Paul


Angel Tree
GIRL
AGE 8
Needs winter coat

# Seoladh Fhleadh Feirste & Lasadh na Soilse

Beidh cuma dhifriúil ar sheoladh Fhleadh Feirste i mbliana agus é á dhéanamh againn ar bhonn fíorúil ach mar sin féin, cuirfear tús spleodrach leis an Fhleadh. Cluinfidh muid ónár gcomhpháirtithe agus beidh go leor imeachtaí iontacha ag titim amach agus gheobhaidh muid blaiseadh den cheol agus den na himeachtaí iontacha a bheas ar siúl againn ag an deireadh seachtaine. Ní thiocfadh linn féile Nollag na Ceathrún Gaeltachta a bheith againn gan lasadh oifigiúil shoilse na Nollag agus beidh aoi speisialta linn chun iad a chur ar siúl. Is é seo tús ceart na Fleidhe agus an Cheathrú Ghaeltachta faoi sholas agus faoi fhonn spraoi na Nollag.

The launch of Fleadh Feirste will look a little different this year as we do it virtually, but a lively launch is guaranteed, notwithstanding! We will hear from festival partners and get a taste of the fantastic range of events taking place over the weekend. It would be inconceivable to have an Cheathrú Ghaeltachta's Christmas festival without the switching on of the Christmas lights. This year we will have a special guest with us to switch on our Christmas lights, an event which signifies that the Fleadh is well underway with an Cheathrú Ghaeltachta bathed in both Christmas light and spirit.

**02/12/20**
**7:00pm**

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE

CULTÚRLANN
MᶜADAM Ó FIAICH














# Raidió Fáilte: Agallamh le haoi speisialta

Beidh agallamh speisialta le cloisteáil ar Raidió Fáilte mar chuid de Fhleadh Feirste na bliana seo. Beidh Somhairle Mag Uidhir i mbun comhrá le haoi ar leith, agus is cinnte gur agallamh suimiúil a bheas ann. Coinnígí súil amach do thuilleadh sonraí.
Tá sé mar sprioc ag Raidió Fáilte an Ghaeilge a neartú agus a chur chun cinn mar theanga phobail anseo i mBéal Feirste agus fad na hÉireann.

There will be a special interview on Raidió Fáilte as part of this year's Fleadh Feirste. Somhairle Mag Uidhir will sit down with a special guest making for an interesting interview.
Raidió Fáilte provides a community radio service to the Irish language community, helping to support and spread the Irish language in Belfast and around the world.

**03/12/20**
**8:00pm**

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE



# Ealaín le Drithle

## *Art with Drithle*

Beidh Drithle i mbun ceardaíocht agus ealaín Nollaigiúil linn agus í ag baint úsáid as ábhar a bhíonn ina luí timpeall an tí againn. Déan cinnte tiúnáil isteach agus na céimeanna furasta a thugann sí dúinn a leanúint! Gach seans go mbeidh tú ábalta bronntanas nó dhó a chruthú faoi dheireadh!

Drithle will walk us through festive arts and crafts using materials usually found throughout the house. Be sure to tune in and follow the easy steps she demonstrates for us. You may even be able to make a gift or two!

03/12/20 &
04/12/20
**11:00am**

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE

CULTÚRLANN
McADAM Ó FIAICH

# Áras Uí Chonghaile – An scéal go dtí seo

## *The story so far*

Tugann an fhoireann ag Áras Uí Chonghaile léargas dúinn ar chúlra an ionaid chuairteoirí seo atá suite i gcroílár na Ceathrún Gaeltachta ar Bhóthar na bhFál. Insíonn an t-ionad scéal Shéamuis Uí Chonghaile i dtaispeántas idirghníomhach den chéad scoth inar féidir le cuairteoirí éisteacht le scríbhinní Uí Chonghaile agus foghlaim faoina shaol ó rugadh in Albain é, go dtí gur cuireadh chun báis é i mBaile Átha Cliath i 1916. Éist leis na daoine a bhíonn ag obair san Áras gach lá agus iad ag caint ar an obair leanúnach atá á déanamh acu agus iad ag iarraidh scéal Uí Chonghaile a insint, fear a throid, i rith a shaoil, ar son an phobail, ar son na n-oibrithe agus ar son na hÉireann.

The team at Áras Uí Chonghaile give us an insight into the background of this remarkable visitor centre located in the heart of the Gaeltacht Quarter on the Falls Road. The centre tells the story of James Connolly through a world-class interactive exhibition where visitors can listen to the writings of Connolly and learn about his life, from his birth in Scotland to his execution in Dublin in 1916. Listen to the people who work in the centre as they explain the ongoing work involved in telling the story of James Connolly, a man who fought, throughout his life, for the people, for the workers and for Ireland.

**03/12/20**
**1:00pm**

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE

Áras Uí Chonghaile
James Connolly Visitor Centre

Fáilte Feirste Thiar
Promoting West Belfast Tourism






VISITOR CENTRE


ÁRAS
UÍ CHONGHAILE




ÁRAS UÍ CHONGHAILE
UÍ CHONGHAILE




Organising History
A Centenary of SIPTU
Francis Devine
DONAL NEVIN





# Rosie, Rudolph & an Ruaille Buaille

***Arna scríobh & arna stiúradh ag / Written & directed by: Tony Devlin***

***Le / Starring: Nuala Ní Néill, Mimi Page, Tony Devlin, Seán Mac Seáin, Paddy McDonnell, Alison McCrudden, Joe Page, Éirinn & Róise Devlin***

Oíche Nollag atá ann ar an Mhol Thuaidh agus tá Daidí na Nollag ag déanamh réidh leis na féiríní ar fad a sheachadadh ar pháistí beaga tógtha fud fad an domhain ... tá fadhb bheag bhídeach amháin ann, áfach ... tá gach duine ag ELF-aonrú! Beartaíonn cailín beag Feirsteach dul chuig an Mhol Thuaidh agus iarracht a dhéanamh an Nollaig a shábháil! An éireoidh le Rosie in am? An dtiocfaidh na síofraí amach as an ELF-aonrú choíche? An ngearrfaidh Daidí na Nollag siar ar na pióga mionra sa dóigh is go mbeidh sé ábalta brú síos trí na simléir bheaga atá againn i mBéal Feirste?

**Bígí linn ar an aistear éachtach, draíochta Nollag seo!**








BRASSNECK THEATRE COMPANY

CULTÚRLANN McADAM Ó FIAICH

It's Christmas Eve at the North Pole and Santa is getting ready to deliver presents to excited children across the world... but there's one teeny weeny problem... everyone is ELF-isolating! One little girl from Belfast takes it upon herself to travel to the North Pole to try and save Christmas! Will Rosie manage to pull it off in time? Will the elves ever get out of ELF-isolation? Will Santa cut back on the mince pies so he can get down our tiny Belfast chimneys?

**Join us on this wonderful, magical adventure this Christmas!**

03/12/20 | 04/12/20 | 05/12/20

**6:00pm**

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE



# Taispeántas Ealaíne

## *Art Exhibition: The Drawing Journal*

Is comhargrhúpa é an Drawing Journal de sheachtar ealaíontóirí a dhíríonn, trí chomhthograí, ar mhianach na líníochta. "Íomhá na Smaointeoireachta" is teideal don taispeántas a chuimsíonn saothar Tamzin Ashcroft, Niamh Clarke, Hannah Clegg, Daniel Coleman, Shauna McDonald, Sharon McKeown agus Doris Rohr. Tugann na healaíontóirí cuireadh don phobal blas a fháil ar thoradh dhá bhliain de mhalartú líníochtaí agus téacs i gCultúrlann Mac Adam Ó Fiaich. Tá sé mar rún sa taispeántas seo díriú ar ábharthacht téacs agus líníochta agus ar an ghaolmhaireacht eatarthu chomh maith leis an iliomad éagsúlachtaí a bhaineann leo beirt a aistriú ó cheann go ceann. Déanann na naisc idir bhaill aonaracha agus comhthéacsanna cultúrtha níos leithne eolas don ghníomhaíocht fhísiúil a bhaineann le téacs a dhíthógáil sa líníocht: 'íomhá na smaointeoireachta'. Déantar léamh eile ar íomhánna den chineál seo sa chur síos físiúil, sa chomhcheangal fileata agus i ról na bhfotheideal; agus ar an bhealach sin, déantar scaradh




na scríbhneoireachta ón líníocht a chomhchuimsiú sa mhalartú iomlán.

The Drawing Journal is a collective of seven artists who investigate the potential of drawing through collaborative projects. 'The Image of Thought' is the title of an exhibition featuring works by Tamzin Ashcroft, Niamh Clarke, Hannah Clegg, Daniel Coleman, Shauna McDonald, Sharon McKeown and Doris Rohr. The artists are inviting the public to share the outcomes of over two years of drawing and text based exchanges held at Cultúrlann McAdam Ó Fiaich. This exhibition seeks to investigate the materiality of and relationship between text and drawing, and the possibility to translate one through the other in all multiplicities. The rhizomatic connections between individual members and wider cultural contexts inform this visual activity of deconstructing text through drawing: an 'image of thought'. Such images are re-interpreted through visual description, poetic association and the role of (sub) title captions; thereby the separation of writing from drawing becomes subsumed in the overall exchange.
Drawing, writing, what expeditions, what wanderings, and at the end, no end, we won't finish, rather time will put an end to it. (Helene Cixous Stigmata London: Routledge 1998)
**Ag teacht go luath | Coming Soon**



# Claochlú Cultúir & an Conradh

Le dhá bhliain anuas, tá foireann Chonradh na Gaeilge ag obair ar thionscadal oidhreachta, 'Claochlú Cultúir agus an Conradh', atá maoinithe ag Ciste Oidhreachta an Chrannchuir Náisiúnta ó thuaidh agus a dhíríonn ar stair Chonradh na Gaeilge/Chomhaltas Uladh i gcúige Uladh. Mar chuid den tionscadal seo, tá cartlann dhigiteach tógtha acu ar shuíomh úr ina bhfuil cáipéisí ó gach cearn de chúige Uladh agus agallaimh le baill an Chonartha, mar aon le neart cáipéisíocht stairiúil eile. Beidh an tionscadal á sheoladh go hoifigiúil mar chuid de Fhleadh Feirste. Beidh ceann de na hagallaimh staire a rinneadh á thaispeáint mar chuid den seoladh agus ansin, don chéad uair riamh, beidh deis ag an phobal súil a chaitheamh ar an suíomh úr.




For the past two years, the team at Conradh na Gaeilge have been working on a Heritage Lottery funded project, Claochlú Cultúir agus an Conradh, which investigates the history of Conradh na Gaeilge and Comhaltas Uladh in Ulster. As part of this project, there is a digital archive on a new website with documents from every corner in Ulster, interviews with League members along with plenty of other historic documents.

The project will be officially launched as part of Fleadh Feirste and one of our interviews will be shown at the launch of the new site!

**04/12/20**
1:00pm

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE

**CLAOCHLÚ CULTÚIR & AN CONRADH**
CONRADH NA GAEILGE HISTORY AND HERITAGE PROJECT



# Muireann agus an Teach Solais

## *Molly and the Lighthouse*

**Scríofa ag Malachy Doyle, aistrithe ag Máire Zepf & maisithe ag Andrew Whitson**

Nuair a mhúsclaíonn Muireann san oíche, tá rud éigin mícheart, iomlán mícheart. Níl an teach solais taobh amuigh dá fuinneog ag splancarnach níos mó! Tá Daidí amuigh ag iascaireacht san oíche ina bháidín dearg. Gan an teach solais, cad é mar a dhéanfaidh sé a bhealach go sábháilte isteach sa chuan? Caithfidh Molly an solas a chur ag obair arís...go gasta! Scéal drámatúil croíúil é seo faoi mhisneach, diongbháilteacht agus grá.

CULTÚRLANN MCADAM Ó FIAICH



One night, Molly realises the light-house isn't working, wakes up her friend Dylan, and sets off to help.
But will Molly and Dylan be able to get the light working again in time to guide their fathers' fishing boat safely home?
The third book in the Molly series by award-winning author Malachy Doyle and illustrator Andrew Whitson is a tale of bravery and teamwork.

An tSnáthaid Mhór

**04/12/20**
**4:00pm**

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE

# A chara,

I mí Dheireadh Fómhair na bliana seo, d'iarr Aisling Ghéar ar phobal na Gaeilge a scéalta faoi aimsir Covid a roinnt linn i litreacha. Anois beidh aisteoirí Aisling Ghéar ag léamh na litreacha sin ó ardán na Cultúrlainne in Amharclann Nic Cionnaith agus tá muid ag súil go mór leis an léiriú sin a chur ar fáil dár lucht féachana ar líne.

In October of this year, Aisling Ghéar requested the Irish language community to share their Covid stories in letter form and the response was great! Aisling Ghéar actors will now read these letters from the Cultúrlann theatre, Amharclann Nic Cionnaith, and we are very much looking forward to presenting this work to our audience in an online format.

**04/12/20**
**7:00pm**

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE

Aisling Ghéar
COMPÁNTAS AMHARCLAINNE





# Barry Kerr agus Gráinne Holland in Áras Uí Chonghaile

Ceoltóir de bhunadh Bhéal Feirste í Gráinne a sheinn ar an stáitse ag go leor ceolchoirmeacha ag go leor féilte in Éirinn agus níos faide i gcéin. Is léiritheoir rathúil chomh maith í agus tá trí albam eisithe aici go dtí seo, Teanga na nGael (2011), Gaelré (2015) agus Corcra (2019).
Tá Barry Kerr ar dhuine de na ceoltóirí is cumasaí in Éirinn agus tá a chuid ceoil cumhachtach, tochtmhar. D'eisigh sé a chéad albam agus é seacht mbliana déag d'aois agus thaistil sé an domhan ó shin ó shin, ag ceol leis féin agus in éineacht le leithéidí Cara Dillon, Dan Tyminskii, Lumière, Dervish agus Dónal Lunny. Bhí muid breá sásta Gráinne agus Barry a fháiltiú go hÁras Uí Chonghaile agus mar chuid



de Fhleadh Feirste 2020, beidh muid ag craoladh uair an chloig de scoth an cheoil ón dá oíche álainn sin.

Gráinne has toured and performed at many major festivals both at home and abroad. She is also a successful producer and has released 3 critically acclaimed albums to date, Teanga na nGael (2011), Gaelré (2015) and Corcra (2019). One of Ireland's most accomplished musicians, singers and song-writers, Barry Kerr's work is evocative, empathetic and emotional. Having recorded his first album at the age of seventeen he has gone on to tour the world as a solo artist and in the company of artists such as Cara Dillon, Dan Tyminskii, Lumière, Dervish and Dónal Lunny. We were thrilled to welcome Gráinne & Barry to perform at Áras Uí Chonghaile and as part of Fleadh Feirste 2020 we will be showing a 1 hour special of the best of both concerts.

**04/10/20**
**8:00pm**

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE

Áras Uí Chonghaile
James Connolly Visitor Centre

Fáilte Feirste Thiar
Promoting West Belfast Tourism



# Scéalaíocht na Nollag le Máire Zepf

## *Festive Storytelling with Máire Zepf*

Beidh scéalaíocht, scléip agus spraoi na Nollag ann le Máire Zepf.
Ná caill amach ar an am scéalaíochta iontach seo. Bhí Máire Zepf ar an chéad Chomhalta Scríbhneoireachta do Phaistí i dtuaisceart na tíre agus í lonnaithe in Ionad Filíochta Seamus Heaney ag QUB (2017-19). Tá leabhar déag do pháistí scríofa ag an údar as Contae an Dúin, leabhair phictiúr agus úrscéal d'aosaigh óga ina measc. Tá gradaim buaite ag Máire lena n-áirítear dhá Ghradam Leabhair Pháistí ó Chumann Litríochta na hÉireann (2017 & 2019), Gradam Onóir IBBY (2018) agus dhá Ghradam Oireachtais d'Fhicsean (2016 & 2018). Rinneadh leabhair s'aici a aistriú go seacht dteanga fud fad an domhain. Is mór le Máire ceardlanna a chruthú agus comhoibriú agus comhcheilg a dhéanamh in go leor seánraí agus in go leor foirmeacha ealaíne. Tá rún daingean aici páistí a spreagadh dul i mbun pinn agus a scéalta féin a insint. Scríobhann sí i nGaeilge agus i mBéarla.




We'll have festive storytelling, merriment and fun with renowned author Máire Zepf. Be sure not to miss this magical story time.

Máire Zepf was the first Children's Writing Fellow for Northern Ireland, based at the Seamus Heaney Centre for Poetry at QUB (2017-19). The Co. Down author has written 11 books for children, from picture books to a YA verse novel. Winner of two Children's Book Awards from the Literacy Association of Ireland (2017 & 2019), an IBBY Honour Award (2018) and two Oireachtas Awards for Fiction (2016 & 2018), her books appear in 7 languages worldwide. Máire is a keen workshop-creator, collaborator and co-conspirator across numerous genres and artforms, on a sworn mission to inspire children to write their own stories. She works in Irish and in English.

**05/12/20**
**11:00am**

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE

CULTÚRLANN
McADAM Ó FIAICH




# Fathach d'Fhoclóir

## *Pádraig Ó Mianáin faoi agallamh ag Eoghan Ó Néill*

Ba é buaic foilsitheoireachta na bliana é theacht ar an tsaol an Concise English-Irish Dictionary (Ó Mianáin) ag tús mhí Mheán an Fhómhair. B'fhada muid ag tnúth leis agus is mór an fháilte atá á cur roimhe.

Seo deis agaibh scéal an fhoclóra a chluinstin ó Phádraig Ó Mianáin, phríomheagarthóir an fhoclóra, agus é faoi agallamh ag an iriseoir Eoghan Ó Néill san imeacht ar leith seo.

Pádraig Ó Mianáin interviewed by Eoghan Ó Néill

Concise English-Irish Dictionary (Ó Mianáin) was published at the beginning of September signalling the publishing highlight of the year. It has been much anticipated and is very welcome.

This is your opportunity to hear the story of the dictionary from lead editor, Pádraig Ó Mianáin, as he sits down to talk to journalist, Eoghan Ó Néill, in this one off event.

05/12/20

**1:00pm**

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE

An Ceathrú Póilí



# Dá mBeadh Caint ag na Ballaí

## *If Walls Could Talk*

Tá Cultúrlann McAdam Ó Fiaich ag ceiliúradh 30 bliain ar an fhód in 2021 agus san fhíseán seo, téimid siar ar bhóithrín na smaointe le cuid de na daoine a thaithigh an áit thar na blianta. Tá scéalta a chuirfeas ag gol is ag gáire thú ann le hiarbhaill foirne ildánacha, aisteoirí a chuaigh chun stáitse, beirt a thit i grá faoi rachtaí na Cultúrlainne, agus páistí a 'd'fhás aníos' ann agus a dtuismitheoirí ag obair go tréan le bonn daingean a chur faoin áit iontach atá anois mar chuisle na Ceathrún Gaeltachta.

Cultúrlann McAdam Ó Fiaich celebrates 30 years since its foundation in 2021. We take a walk down memory lane with some of the people who made this special place what it is today - former staff members, actors who've treaded the boards, a couple who fell in love under the rafters and those who were reared in the Cultúrlann while their parents worked diligently to lay the foundations of the place that is now the very heartbeat of the Gaeltacht Quarter.

**05/12/20**
**4:00pm**

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE

# Ceolchoirm Fhleadh Feirste

Agus muid ag druidim le deireadh na bliana, tá sé fóirsteanach go ndéanann muid an Nollaig agus an bhliain a chuaigh thart agus na healaíona trí chéile a cheiliúradh le scoth na gceoltóirí agus na n-ealaíontóirí a raibh sé de phléisiúr againn comhoibriú leo le linn na bliana. Sa scothléiriú ceoil seo, beidh meascán iontach de cheol traidisiúnta, ceol tíre agus blaiseadh beag de cheol na Nollag ar ndóigh, a bhuí le Zoe Conway & John McIntyre, Gráinne Holland, John Boy Ó Muireagáin, Brian Finnegan & Eamon McElholm, Stephen Loughran, Niamh Dunne & Sean Óg Graham, Diane Ní Channáin & Jack Warnock, Bernadette Morris, Ciarán Quinn & Emma Robinson, Brighde Chaimbeul, Edel Ní Churraoin & Jamie Murchadh.

As we come to the end of the year, it is fitting that we celebrate the festive period and the past year, along with the arts with a host of the fantastic musicians and artists we have had the pleasure of working with throughout the year. In this beautiful musical presentation, we'll have a great mix of traditional and folk music with a sprinkling of Christmas music courtesy of Zoe Conway & John McIntyre, Gráinne Holland, John Boy Ó Muireagáin, Brian Finnegan & Eamon McElholm, Stephen Loughran, Niamh Dunne & Sean Óg Graham, Diane Ní Channáin & Jack Warnock, Bernadette Morris, Ciarán Quinn & Emma Robinson, Brighde Chaimbeul, Edel Ní Churraoin & Jamie Murchadh.

**05/10/20**
**8:30pm**
**Síntúis | Donate: paypal.me/culturlann**

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE

CULTÚRLANN McADAM Ó FIAICH














GHAOTH
DOBHAIR

Booking & Collection Line: 90964184 / 90234436.
Friday 16:30-22:00 | Sat: 15:00-22:00 | Sun: 12:00-16:30

Bia
BIALANN
RESTAURANT

## 12" PIZZAS

**MARGHERITA PIZZA**
Tomato base and mozzarella.......... £7

**CALIFORNIA PIZZA**
Tomato base, mozzarella, Char-grilled Marinated Chicken, peppers, onion & drizzled in our California Mayo.......... £9

**HOT & SPICY**
Chilli base, chicken, pepperoni, onion & jalapeno's.......... £9

**GOATS CHEESE**
Tomato base, goats cheese, onion chilli jam & peppers.......... £9.95

**HAWAIIAN**
Tomato base, mozzarella, ham & pineapple.......... £9

**SALAMI & MUSHROOM**
Tomato base, mozzarella, salami & mushroom.......... £9

**SEAFOOD**
Tomato base, mozzarella, tuna, anchovies, prawns & onion.......... £12

**THE O.G.**
Tomato base, mozzarella, chicken, peppers & jalapeno's.......... £9

**CAJUN CHICKEN**
Tomato base, mozzarella, Cajun Chicken, Pepperoni, onion & jalapeno's.......... £9.50

**PEPPERONI**
Tomato base, mozzarella and double pepperoni.......... £9

**MEAT FEAST**
Tomato base, mozzarella, chicken, bacon, salami & pepperoni.......... £10

**VEGAN**
Tomato base, vegan cheese, BBQ Roast Jackfruit, peppers & sweetcorn.......... £10

**CREATE YOUR OWN**
.......... FROM £6

## MEALS

**MEAL FOR 2**
12" Pizza with 3 toppings, side, 2x cans and dip... £12

**CHICKEN STRIPS**
Homemade chicken goujons in a light crisp batter with fries & choice of dip.......... £7

**SAUSAGE SUPPER**
Three sausages with fries and choice of dip.......... £5.50

**CALIFORNIA BURGER**
Char-grilled marinated chicken served in a brioche bun with California mayo, lettuce & tomato served with skinny fries.......... £8

**BEEF BURGER**
6oz Beef Burger with fries and choice of dip.......... £7

**VEGGIE BURGER**
Served in a brioche bun with lettuce, tomato & Guacamole & fries.......... £7

## SIDES

Skinny Fries .......... £2.50
Parmesan Fries .......... £3
Garlic Fries .......... £3
Garlic Mayo Fries .......... £3
FRANK'S Fries .......... £3
Cheesy Fries .......... £4
California Fries .......... £4
BBQ Fries .......... £3
Gravy Fries .......... £4
Peppered Fries .......... £4
Side Salad .......... £3

## DIPS & DRINKS

**DIPS**
Garlic Mayo, Sweet Chilli, Sriracha Mayo, Gravy, Peppered Sauce, FRANK'S, Mayo, California Mayo, BBQ, Coleslaw, Beans.......... £1.50

**DRINKS (330ML)**
Coke, Diet Coke, Coke Zero, Fanta Orange, Fanta Lemon, Sprite, Still Water.......... £1.30

## Funders Logos

## Partner logos

## Pairtnéir mhargaíochta

## Pairtnéir sna meáin